Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0244(NLE)**

**5824/26**
**ADD 1**

**LIMITE**

**COPEN 26**
**DROIPEN 13**
**JAI 121**
**ENV 72**
**RELEX 116**
**COSCE 4**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil |

**Forchoimeádas maidir le sainmhíniú téarmaí áirithe faoi Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil**

I gcomhréir le hAirteagal 56, mír 3, den Choinbhinsiún maidir le Cosaint an Chomhshaoil tríd an Dlí Coiriúil ('an Coinbhinsiún'), dearbhaíonn an tAontas Eorpach, i gcás na mBallstát, go gciallóidh na coincheapa 'dlí náisiúnta, rialachán, foráil riaracháin nó cinneadh a ghlac údarás inniúil atá dírithe ar an gcomhshaol a chosaint' a úsáidtear chun an téarma 'neamhdhleathach' a shainmhíniú in Airteagal 3(a) den Choinbhinsiún dlí an Aontais a rannchuidíonn le ceann de chuspóirí bheartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol a shaothrú mar a leagtar amach in Airteagal 191(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chomh maith le dlí, rialachán nó foráil riaracháin de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach, nó cinneadh arna dhéanamh ag údarás inniúil Ballstáit, lena dtugtar éifeacht do dhlí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear nuair a théann rialacha náisiúnta thar na híoscheanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais. Beidh feidhm ag an mbrí chéanna maidir leis na coincheapa 'dlí náisiúnta' agus 'forálacha náisiúnta' a úsáidtear chun an iompraíocht ábhartha a shainiú faoi Airteagail 14, 19, 20, 21, 26, 29 agus 30 den Choinbhinsiún. Thairis sin, déanfar na coincheapa 'faoi chosaint' agus 'ceanglas' a úsáidtear chun an iompraíocht ábhartha a shainiú faoi Airteagail 13, 22, 27, 28 agus 29 den Choinbhinsiún a léiriú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, mar a shainítear thuas. Tá an forchoimeádas sin gan dochar d'aon fhorchoimeádas nó d'aon dearbhú is mian leis na Ballstáit a dhéanamh ina n-aonar, i gcás inar incheadaithe.

PUBLIC